DÚCHAS, DUALGAS & DÓCHAS: SPIORAD NA HATHBHEOCHANA IN AOIS NA HINBHUANAITHEACHTA

Fionnbarra Ó Brolcháin

Réamhrá

Ba mhaith liom trí phríomhthéama a léiriú san alt seo. An chéad cheann ná go bhfuil ceachtanna fós le foghlaim as inspioráid agus aidhmeanna na hAthbheochana go mór mór ó thaobh an naisc idir an fhís ealaíonta, samhlaíochta, féiniúlachta agus forbairt tionsclaíochta. Uimhir a dó, go bhfuil sé níos deacra na haidhmeanna sin a bhaint amach inniu de bharr go bhfuilimid i gcomhthéacs polaitíochta, sóisialta agus teicneolaíochta ar fad eile. Agus uimhir a trí, go bhfuil níos mó tábhachta ná riamh do shochaí na tíre spiorad na hAthbheochana a athchruthú ó thaobh na nasc idir cuimhne, traidisiún, imfhios, féintuiscint, féinmheas agus cruthaitheacht.

San Athbheochan, chonaic siad siúd a bhí páirteach ann ár n-acmhainní cultúrtha, daonna agus nádúrtha mar ghnéithe ríthábhachtacha in eitic nuálaíochta. Sheas eagraíochtaí na hAthbheochana – leithéidí Chonradh na Gaeilge, Ghluaiseacht na gComharchumann, an Chumainn Lúthchleas Gael agus Amharclann na Mainistreach, fiú iad siúd a bhí dírithe go príomha ar Eolaíocht an Nádúir nó Stair an Dúlra - mar chomhaontas leathan féinchabhrach a rinne iarracht saol sóisialta, eacnamaíochta agus polaitíochta na tíre a athrú ó bhun go barr.

Bhí tréithe mar féinchabhair, féintuiscint, féinmheas, féiniúlacht agus féinmhuinín mar dhlúthchodanna den ghluaiseacht.[1] Is é a bhí san Athbheochan ná iarracht fhuinniúil ó intleachtóirí, ealaíontóirí, díograiseoirí teanga, eagraithe comharchumainn, feirmeoirí, scríbhneoirí, filí, tírghráthóirí idéalaíocha, leasaitheoirí sóisialta agus 'aislingeoirí praiticiúla' chun féiniúlacht nua Éireannach a athchruthú, nó chun teacht ar thuiscint nua ar cad is Gael ann a chruthú. Thángadar ó gach taobh den tír, ó gach creideamh agus ó gach dearcadh polaitíochta chun idéalachas, cuimhne, spiorad tírghrách agus eolaíocht phraiticiúil a chur chun cinn.

Bhí an ghluaiseacht nua-aimseartha, chun tosaigh agus an-domhanda, ag féachaint thar lear le haghaidh inspioráide agus smaoineamh nua, dúil faoi leith aici i bhfoghlaim agus fonn uirthi ról a imirt i ndomhan níos leithne. Thaistil eagraithe comharchumainn Éireannacha mar Horace Plunkett agus a chomhpháirtithe ar fud na Mór-Roinne chun staidéar a dhéanamh ar na dea-chleachtais ab fhearr ó thaobh riaradh eagraíochtaí

1 Mathews, P.J. (2003) Revival: *The Abbey Theatre, Sinn Féin, The Gaelic League and the Co-operative Movement.* Notre Dame, IN: University of Notre Dame Press.

talmhaíochta agus teicneolaíochta de, leithéid ghluaiseacht chomhar creidmheasa Raiffeisen sa Ghearmáin.

Bhí eagraithe Lucht Oibre mar James Connolly agus James Larkin ag déanamh fiosrúchán maidir le sóisialachas idirnáisiúnta, agus bhí ceannairí polaitíochta náisiúnacha fíorghnóthach ag cothú naisc fhorleathana le heagraíochtaí agus scéimeanna tiomsaithe airgid, go mór mór sna Stáit Aontaithe. Chonaic Connolly go raibh baint dhíreach idir meath na teangan agus easpa smaointeoireachta ag cinnirí Gaelacha maidir le forbairt shóisialta, náisiúnta agus intleachtúil. Bhí an Piarsach an-tógtha le córas oideachais na Beilge agus an tslí ina raibh an tír sin in ann dhá theanga náisiúnta a láimhseáil.[2] Léirigh an páipéar, *The United Irishman,* a d'fhoilsigh Arthur Griffith agus William Rooney idir 1899 agus 1906, nach raibh aon chiall le neamhspleáchas polaitíochta gan athbheochan teangan in éindí leis.

Ba é léargas lárnach Dhubhghlas de hÍde agus bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge mar Eoghan Ó Gramhnaigh nach n-éireodh leis na Gaeil a gcuid poitéinsil a bhaint amach go dtí gur fhoghlaim siad conas féinmhuinín agus féinmheas a ghnóthú dóibh féin. Bhí athbheochan na Gaeilge mar dhlúthchuid den fhís sin. Cé go raibh an Conradh lárnach i gcothú na cruthaitheachta, níor éirigh leis an eagraíocht a léiriú maith a dhóthain conas go beacht go mbeadh an Ghaeilge, mar chuid lárnach dár bhféiniúlacht chultúrtha, in ann tionchar a bheith aici ar an bpróiseas forbartha.

Cé go raibh na gluaiseachtaí ar fad a mhúnlaigh an Athbheochan neamhspleách ar a chéile bhí siad idirghaolmhar, iad ag díriú ar an todhchaí ach fréamhaithe go háitiúil. Bhí súil siar acu ó thaobh inspioráide de ach iad ag oibriú mar cineál gorlann cruthaitheachta agus fiontraíochta i ngnéithe difriúla den saol náisiúnta. D'fhreastail siad mar fhórsaí cumhachtacha athraithe a léirigh fís iontach spreagúil: neamhspleách agus féinmhuiníneach, ach féin-chomhlíonta maidir le spioradáltacht agus cultúr. Cé nár léiríodh an fhís seo mar aon dlúthfhorógra amháin, bhí an fhéiniúlacht láidir chéanna taobh thiar dá snáitheanna difriúla.

Bhí saintréithe áirithe lárnach i ngach eagraíocht Athbheochana: misneach mórálta nó carachtar ar na príomhchinn. Ghlac Horace Plunkett agus Gluaiseacht an Chomharchumannachais leis, mar shampla, gur i lámha na nGael féin, ní i lámha stróinséirí, a bhí a gcuid forbartha. Bhí carachtar freisin ag croílár theachtaireacht Chonradh na Gaeilge, gluaiseacht radacach oideachasúil agus thionsclaíoch. I gceartlár a chuid fealsúnachta bhí an tuairim nach bhféadfaí pearsantacht na nGael a bhaint amach go hiomlán ach laistigh le timpeallacht chultúrtha oiriúnach dó féin. Ghlac an Conradh leis nárbh fhéidir le pearsantachtaí cruthaitheacht

2 Ó Buachalla, S. [eag.] (1980) *A Significant Irish Educationist: The Educational Writings of P.H. Pearse.* Corcaigh: Mercier Press.

chomhtháite a mhúscailt ach laistigh de phobal comhtháite le taithí uathúil leanúnach dá chuid féin.[3]

Ag dul ar aghaidh go dtí na seascaidí, a nglaoim An Dara hAthbheochan orthu, tá a lán ceachtanna freisin le fáil ó bhrí fhéinmhuiníneach chultúrtha na tréimhse seo. Tóg T.K. Whitaker, duine a bhí mór-fhreagrach as geilleagar na tíre a oscailt don domhan amuigh: bhí seasamh cultúrtha ag ceartlár a fhíse. Nó smaoinigh ar Sheán Ó Riada, an t-ealaíontóir iarchogaidh is mó le rá sa tír, é féinmhuiníneach le meas sofaisticiúil faoi leith aige ar an traidisiún.[4] Chomhtháthaigh Ó Riada an dúchas agus an t-idirnáisiúnachas a gheall fíorfhorbairt, lonnaithe sna buanna dúchasacha agus athshealbhú náisiúnta go raibh Éire tógtha leo sna seascaidí. Thug a scór ceoil neamhghnách leis an scannán a rinne George Morrison do Ghael-Linn, *Mise Éire*, ardú meanman dochreidte do phobail ar fud na tíre.

An Geilleagar 'Cliste'

Chun an argóint seo a fhorbairt, tabharfaimid sracfhéachaint ar na difríochtaí idir dhá pharaidím nó Aois mar atá léirithe anseo. Tá ceann amháin, Aois Thionsclaíoch, bunaithe ar an ré atá imithe ar gcúl de réir a chéile, agus ceann eile, Aois na hInbhuanaitheachta, bunaithe ar an ré atá ag teacht go tapaidh ar an bhfód. Tá difríochtaí bunúsacha idir fiontair atá bunaithe sa dá ré sin. Sa tseanré, d'úsáidtí acmhainní doláimhsithe chun fiúntas a bhaint as acmhainní inláimhsithe. A mhalairt atá ar siúl san Aois nua: úsáidtear na hacmhainní inláimhsithe chun fiúntas a ghnóthú as acmhainní doláimhsithe.

Ciallaíonn sin go bhfuil níos lú tábhachta ag baint le réasúnaíocht i gcomparáid le mothúcháin agus féiniúlacht, fás i gcomparáid le forbairt, nó smacht i gcomparáid le foghlaim agus ciall, cuir i gcás. I nuálaíocht na linne seo, caitear eagraíocht a shamhlú mar neach beo ag a bhfuil radharc fadtéarmach bunaithe ar fhorbairt, ar bheocht agus ar fholláine, seachas í a shamhlú mar inneall; ní meon an ghearrthéarmachais bunaithe ar fhás agus ioncam a thagann i gceist. In ionad smacht agus costais a bheith in uachtar, is é atá in uachtar ná foghlaim, ciall, naisc agus muinín, gnéithe atá thar a bheith teibí. Tá daonnacht an duine ag éirí níos tábhachtaí agus níos luachmhaire mar acmhainn in aghaidh an lae.

Caithfidh béim a bheith anois ar chomhrá agus ar chomhchiall mar tá an geilleagar ag bogadh ó cheann a bhí bunaithe ar thairgí go dtí ceann bunaithe, ní amháin ar sheirbhísí ach ar eispéiris freisin. Is eispéireas é imeacht cuimhnitheach ina n-úsaideann eagraíocht a cuid seirbhísí mar stáitse agus a cuid earraí mar thacaí, chun dul i ngleic lena custaiméirí.

3 Ó Tuama, S. (1972) 'The Gaelic League Idea in the Future' in Ó Tuama, S. [eag.], *The Gaelic League Idea.* Corcaigh: Mercier Press, 98-109.

4 Marcus, L. (1981) 'Seán Ó Riada' in O'Driscoll, R. [eag.], *The Celtic Consciousness.* Baile Átha Cliath: Dolmen, 341-347.

Eachtraí pearsanta iad eispéiris, nach bhfuil beo ach amháin in aigne an duine atá gafa ar leibhéal mothúchánach, fisiciúil, intleachtúil agus spioradálta. Cosúil le dráma ar bith, ní bhíonn an t-eispéireas céanna ag aon bheirt, mar eascraíonn sin ón nasc idir an eachtra ar an stáitse agus freagairt gach duine sa lucht éisteachta nó féachana dó.

Céim sa treo ceart is ea coincheap an Gheilleagair Chliste [*'Smart Economy']* a d'fhógair an Rialtas tamall de bhlianta ó shin. Tugtar aitheantas faoi leith don idirspleáchas idir na cineálacha éagsúla caipitil nó acmhainní: daonna, fisiciúla, nádúrtha, cultúrtha agus sóisialta. Cé nach léirítear é seo in aon chor i gcáipéisí an Rialtais, tá sé soiléir gurb as na naisc chaipitil sin a spreagtar na tréithe fíor-luachmhara úd in Aois na hInbhuanaitheachta, féintuiscint, féinmhuinín agus féinfhios. An dúshlán mór atá ann ná spás idirmheánach a chothú atá cothromaíoch, eiticiúil, idirspleách, dinimiciúil, inbhuanaitheach, fiúntach agus freagrach. Chun eagras foghlama a fhorbairt, caithfidh an pobal cumas smaointe, eolas agus scileanna nua a shú isteach agus ag an am céanna é féin a thrasfhoirmiú go leanúnach. In eagras foghlama, bíonn daoine ag síorfhorbairt a gcumas chun na fíor-thorthaí atá uathu a aimsiú. Is mar sin a bhunathraíonn eagrais iad féin go leanúnach, gach ceann ag díriú ar a chroíchumas féin, ach ag brath ar an tionscadal, ag lionrú le heagrais dhifriúla le croíchumais eile.

Braitheann buntáiste iomaíochta na hÉireann ar a éifeachtaí is atá ár gcaipiteal inláimhsithe, mar aon lenár gcaipiteal doláimhsithe, á chothú. Ach cén fáth, mar sin, nach mbaintear i bhfad níos mó feidhme as ár saintréithe ó thaobh polasaithe iomaíochta agus nuálaíochta de? Buntáiste speisialta is ea teanga dhúchasach i leith geilleagar nuálaíoch le Geilleagar Cliste a fhorbairt. Tragóid a bheadh ann dá ligfí le sruth acmhainn chomh suntasach agus uathúil léi. Ach tá gá le hathruithe radacacha chun an deis a thapú.

Tóg cúrsaí oideachais ach go háirithe, an ghné is tábhachtaí ná conas a fhoghlaimíonn daoine, ní cad a fhoghlaimíonn siad. Méadaíonn fiúntas nuair atá ciall, eispéireas agus féiniúlacht á ndoimhniú, ag dul ó shonraí go faisnéis, eolas, tuiscint, eagna agus trasfhoirmiú. Tarlaíonn an fiúntas is mó trí inspioráid, samhlaíocht, cruthaitheacht agus áilleacht a chothú. Baineann an fiúntas is lú leis an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an eacnamaíocht fad is atá siad deighilte ó litríocht, ó fhealsúnacht, ó dhiagacht agus ó na healaíona. Tá ról faoi leith ag na healaíona maidir le cúrsaí smaointeoireachta a lagú, ní a láidriú faoi mar a cheaptar go minic, ar mhaithe leis an tsamhlaíocht fhiontraíoch a spreagadh agus sochaí nuálaíoch a chruthú.

Tá ról an chultúir i bhforbairt cúrsaí nuálaíochta ag éirí níos tábhachtaí de réir an lae. Ach ní shamhlófá san ón easpa suime a léirítear i bpolasaithe an Stáit nó a léiríonn ceannairí institiúidí oideachais sna naisc idir an todhchaí agus poitéinseal ár n-acmhainní cultúrtha. I gcomparáid leis an ré atá thart, ina raibh an tír seo ag brath ar infheistíocht choigríche, tá

todhchaí iomaíochta na hÉireann anois ag brath go mór ar an nuálaíocht dhúchasach. Forbairt cumas, acmhainní daonna nó an modh smaointeoireachta atá mar bhunchloch de siúd. Tá tábhacht as cuimse ag baint leis an gcomhthéacs foghlama. Ní mór go mbunófaí cúrsaí léinn ar idirmheáin a chruthú idir an saol áitiúil agus an saol domhanda. Caithfear iarracht a dhéanamh meon raidiciúil a chothú, cruthaitheacht a fhorbairt agus idéalachas a spreagadh. Ní hé gineadh eolas nua an rud is tábhachtaí inniu ach teacht ar eolas domhanda, líonrú agus cothú cónasc. Caithfear fréamhúlacht a fhorbairt - timpeallacht chultúrtha, shóisialta agus spioradálta a bhunathraíonn daoine, a chothaíonn difríochtaí aonair ach a spreagann muintearas ag an am céanna, mar shampla. Foghlaimíonn daoine óga, go mór mór trí na healaíona fréamhaithe sa dúchas, conas iad féin a athchruthú. Tugann seo bealach dóibh chun a ngnéithe inmheánacha a chleachtadh agus a iniúchadh ionas go mbeidh siad in ann athruithe a láimhseáil agus iad oscailte d'fhéidearthachtaí nua. Tá áit oibre an lae inniu lán de dhébhríocht agus caithfidh daoine óga breithiúnas a chleachtadh i gcomhthéacs gan rialacha. Forbraíonn inspreagadh intreach, a aithnítear trí chuspóir, floscadh agus spraoi, glaoch agus misean faoi leith dóibh. Seo ullmhúcháin atá iontach luachmhar chun tabhairt faoi iontais agus neamhchinnteachtaí na todhchaí.

Cultúr & Nuálaíocht

Ghlac tíortha mar an Fhionlainn, an Danmhairg agus an Iorua leis i bhfad siar ó shin go bhfuil géarghá le hathnuachan chultúrtha chun féinmheas náisiúnta a athshlánú. Tá meas faoi leith acu ar an nasc idir fréamhúlacht, ard-eitic oibre agus conas pobal nuálaíoch cumasach a chothú. San Fhionlainn, mar shampla, tír a mholtar go minic d'Éireannaigh aithris a dhéanamh uirthi, is iad tréithe mar mothúcháin láidre náisiúnta, teanga uathúil agus dlúthchumann leis an saol nádúrtha mar aon le comhcheangailtí láidre idirnáisiúnta a sholáthraíonn ciallú do dhaoine, nithe riachtanach sa tsochaí nuálaíoch inti.[5] Is minic a dhíríonn tráchtairí Éireannacha ar an méid mór airgid a chaitear san Fhionlainn ar thaighde agus forbairt (*R&D*) ach ní dhéantar aon tagairt don chultúr mar an tréith eochrach. Níl aon dabht ann ach gur féidir lenár gcultúr féin a bheith chomh tábhachtach céanna mar thiománaí nuálaíochta anseo.

Sa Danmhairg, is é bunús an chultúir foghlama ná an mórtas dúthaí láidir a thuairiscítear do dhaoine óga, fréamh láidir as a bhfásann siad.[6] Tuigeann mic léinn, dá bharr, go gcaithfidh siad acmhainní nádúrtha an domhain a úsáid, gan cur isteach ar chothromaíocht nádúrtha, mar aon

5 Castells, M. & Himanen, P. (2002) *The Information Society and the Welfare State: The Finnish Model.* Oxford: Oxford University Press.

6 Breathnach, A. & Aylward, A. (1983) *Education, Innovation and Entrepreneurship: Lessons to be Drawn from Denmark and Norway.* Baile Átha Cliath: EIE Pilot Research Programme Contract 1983/33/5.

le meon freagrach ar cheisteanna sóisialta. Foghlaimíonn siad conas meon freagrach a bheith acu ar shochaí agus ar chultúr a dtíre féin mar aon le tíortha eile, ag glacadh le slite difriúla smaointeoireachta maraon le cothú láidir saoránachta. Tá tionchar fós ag coincheap ghluaiseacht scoileanna béaloideasa Grundtvig sa naoú haois déag ar chúrsaí oideachais sa Danmhairg. Soláthraíonn an tréith seo mothú doimhin misin agus cuspóir, as a spreagtar carachtar agus féiniúlacht an duine. Cé go gcothaíonn seo meon dearfach i leith chultúr agus shochaí na Danmhairge, múineann sé, freisin, tírghrá nach ligtear do dhíspeagadh ar aon tír eile a theacht as.[7]

Tá dearcadh cultúrtha ag éirí níos tábhachtaí maidir leis an gceol a n-éisteann daoine leis, na héadaí a chaitheann siad, an bia a itheann siad. Éiríonn blas pearsanta aníos ó thuiscint atá fréamhaithe i luachanna agus eispéiris cultúir agus dúthaigh faoi leith.[8] Cothaíonn stair, cultúr, geilleagar agus tíreolaíocht áit faoi leith d'eagraíochtaí láthair-lárnaithe. Tá siad seo margadhthiomáinte agus miseanlárnaithe, go hidéalach le claonadh doimhin i dtreo mórtas dúthaí láidir acu. Bíonn siad ag oibriú sa spás geamhach sin idir an rannóg bhrabúsach agus an rannóg sheachbhrabúsach, agus spreagann siad pobail bheoga trí thionscnaimh a luíonn go hiontach leis an áit trí mhisean a fhréamhú i stair, cultúr agus éiceolaíocht an cheantair mórthimpeall. Tá sé mar aidhm acu luach eacnamaíochta fadtéarmach a sholáthar don phobal trí bhuanna intreacha na háite a chothú.

Tá clú faoi leith ar an bhFrainc agus ar an Iodáil, mar shampla, de bharr tionscail ceardaithe atá bunaithe ar *terroir* a gcuid ithreach, dlúthcheangailte le tréithe sóisialta agus cultúrtha a réigiúin.[9] Tóg mar shamplaí fíonta, seaimpéiní, beoracha, cáiseanna, aráin agus táirgí bia eile go bhfuil gnéithe caolchúiseacha i leith a n-ionad tionscnaimh. Tá gníomhaíochtaí mar iad casta agus saibhir, fréamhaithe sa chultúr agus sa nádúr, inathraiseach, agus níos tábhachtaí ná aon rud, á stiúradh le meas doimhin ar ithir na háite. Sa Fhrainc, go deimhin tír go raibh poblachtánachas Shaorstát Éireann bunaithe air, is meascán de dhaonnachas agus náisiúnachas an córas polaitíochta agus an geilleagar inti.[10] Is é cultúr ceann de bhunchlocha na Fraince, gné atá thar a bheith tarraingteach do chuairteoirí.

Léiríonn an Iodáil, ach go háirithe, an tábhacht a bhaineann le cultúr, mothúcháin agus ciall i gcúrsaí fiontraíochta agus iomaíochta. Ní féidir le stróinséirí aithris a dhéanamh ar dhearadh Iodálach, oidhreacht ealaíona agus ceartaíochta a forbraíodh thar na glúine, acmhainní atá ríthábhachtach

7 Borish, S.M. (1991) *The Land of the Living: The Danish Folk High Schools and Denmark's Non-Violent Path to Modernization.* Nevada City, CA: Blue Dolphin.

8 OECD (1996) *Territorial Development and Human Capital in the Knowledge Economy: Towards a Policy Framework.* LEED Notebook, Uimhir 23, Páras.

9 Shrivastava, P. & Kennelly, J. (2010) 'Field of Care: Place, Sustainability and Organizations', Páipéar Oibre.

10 Murphy, G. (2008) 'French lesson for our arts ministers', *Irish Times*, 27 Meitheamh.

ó thaobh nuálaíochta de. Seo tuiscint ar luachanna, ar phearsantacht agus ar fhéiniúlacht a théann thar aon stíl nó nós faoi leith. Tá ardchumas ag déantúsóirí Iodálacha chun ciall táirgí nua a thuiscint, a réamh-mheas agus tionchar a imirt orthu. Mar a deir Roberto Verganti fúthu:

> *... (they) search for radically new design languages by looking at socio-cultural phenomena that are not so visible now but that will be trends tomorrow and reality in the future. They do not look at the phenomenon of the 'bandwagon'. Instead they detect the whispers of the current socio-cultural models, identify those feeble voices that are likely to get louder in the future, select from among them those whispers that best meet their own values, and help those voices become understandable and meaningful in a new product offering.*[11]

Tá go leor samplaí ar fud na hEorpa d'fhiontair rathúla áit-bhunaithe. Léiríonn siad nach féidir le tír bheith nuálaíoch muna bhfuil tuiscint ag daoine orthu féin: cad as a dtagann siad agus cá bhfuil siad ag iarraidh dul. Tugann polasaithe a aithníonn nádúr agus braistintí na sochaí, gnéithe a thiomáineann cúrsaí gnó na tíre, buntáiste iomaíoch atá cumhachtach agus inathraithe.

Mórtas Dúthaí

Is paradacsa é gur ag méadú seachas ag laghdú atá tábhacht an chultúir i ndomhan ina bhfuil margaí nasctha, córais iompair mhearlíne agus cumarsáid ardluais chun tosaigh. Baineann buntáiste le difríocht, le háiteanna faoi leith, le luachanna pobail agus mothúcháin féiniúlachta. De réir mar atá an geilleagar domhanda ag éirí níos casta, eolasbhunaithe agus dinimiciúil, is mó atá seo amhlaidh. Na tíortha atá in ann margaí domhanda a nascadh le cultúr, sainiúlacht, traidisiún agus mórtas dúthaí, is iad siúd na tíortha a mbeidh rath fadtéarmach orthu.

Le domhandú, tá níos mó, seachas níos lú, tábhachta ag baint leis an dúchas: is rud domhanda é eolas, ach is rudaí áitiúla iad foghlaim agus nuálaíocht! Is iad na hacmhainní is luachmhaire agus is inbhuanaithí iad siúd atá neamhinste: an tsamhlaíocht, an inspioráid, an t-iomas agus an intleachtacht, cuir i gcás. Taispeánann taighde idirnáisiúnta gurb é an treo is fearr ó thaobh cruthaitheachta de, ná deiseanna a thabhairt do dhaoine bheith ag smaoineamh ar bhealaí éagsúla. Bíonn pobal, réigiún nó tír cruthaitheach nuair atá acmhainní atá suntasach, sainiúil, annamh, do-athraithe agus luachmhar acu, iad ag smaoineamh i slite difriúla nó ag léiriú na dtréithe faoi leith atá acu. Beidh buntáiste iomaíoch mar sin

11 Verganti, R. (2003) 'Design as Brokering of Languages: Innovation Strategies in Italian Firms', *Design Management Journal*, Samhradh, lch 38.

san aois nuálaíoch ag tíortha a bhfuil acmhainní dá leithéid á gcothú i dtimpeallachtaí cumhachtacha foghlama. Ciallaíonn sin go mbraitheann buntáiste iomaíoch inbhuanaithe na hÉireann ar a bheith difriúil agus uathúil; daoine ag mothú éagsúil is ag machnamh go domhanda ach é fréamhaithe i bhféiniúlacht chultúrtha.

Spreagtar acmhainní fiúntacha as tréithe amhail féintuiscint, féinmhuinín agus féinfhios, iad fréamhaithe sa dúchas, agus, i gcás na hÉireann, sa Ghaeilge. Is é sin le rá, is as mórtas dúthaí a spreagtar brí nó ciall, agus an chruthaitheacht dá réir. Soláthraíonn an Ghaeilge meán idéalach a fhréamhaíonn acmhainní sa dúchas. Is foinse mhothúchánach í a thugann deis do dhaoine a bhféiniúlacht chasta féin a aimsiú agus a fhiosrú. Seo ról criticiúil a bhaineann leis an bhféinfhios, agus is botún bunúsach ó thaobh an gheilleagair de, gan é sin a thuiscint i gceart.

Tá ról lárnach ag mórtas dúthaí mar láthair ghorlainne nuálaíochta. Siad na tíortha a n-éireoidh leo sa todhchaí ná iad siúd a bhfuil meas acu ar a n-oidhreacht agus bród acu aisti. Murab ionann agus fadó – tráth ar bhain tábhacht ó thaobh costas gnó a bheith lonnaithe in eastát tionsclaíoch – is amhlaidh gurb é is tábhachtaí anois ná daoine a mhealladh go dtí dúiche uathúil nó thar a bheith as an ngnáth. Na háiteanna a mheallfaidh daoine agus eagraíochtaí chucu ná iad siúd is cruthaithí, is mó iomaíochta agus is airde caighdeán maireachtála dá réir. Áiteanna as an ngnáth iad seo, a mbaineann inbhuanaitheacht agus sainiúlacht leo.

Is mar gheall ar an gcáilíocht, an uathúlacht, an iomláine, an éagsúlacht agus an nádúr a bhaineann le háit faoi leith a bhíonn sé tarraingteach do dhaoine cruthaitheacha. Ba chóir polasaithe beoga agus cruthaitheacha a chur i bhfeidhm, an Ghaeilge mar ghné rí-thábhachtach iontu, chun mórtas dúthaí a athchothú. Cothaíonn áit speisialta gné faoi leith ó thaobh forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus timpeallachta de. Ba chóir go mbeadh beocht teangan lárnach i gcúrsaí anailís bheartais mar aon le hinbhuanaitheacht, cáilíocht beatha, folláine agus saoránacht má tá Éire chun a bheith ina sochaí rathúil. Mar a léirigh Breandán Ó Doibhlin, tá cúrsaí teangan, pobal agus an áit dúchais dlúth-cheangailte le chéile. Deir sé gurb iad na fórsaí a chothaigh na Gaeil in am an ghátair ná mothúcháin uathúla, diúltú glacadh le teip, agus doimhin-tuiscint acu maidir le leanúchas idir an t-am atá thart agus an todhchaí:

> *Ar deireadh thiar thall, is é sin is féiniúlacht ann, nó cultúr Gaelach, an rún daingean chun maireachtáil beo, chun an bua a bhreith ar fhórsaí an mhillte agus an bháis, ar chreimeadh an ama agus an lagmhisnigh, agus ar fheidhmeannaigh sin an bháis: an urchóid, an foréigin intinne agus an daorsmacht.*[12]

12 Ó Doibhlin, B. (2004), *An Cultúr Gaelach: Cosaint na Daonnachta,* Paimfléad 5, An Aimsir Óg, Baile Átha Cliath: Coiscéim, 40-41.

Má láimhseáiltear i gceart é, tiocfaidh sochaí bheoga dhinimiciúil, le tionchar mór ó inimircigh, as na naisc chruthaitheachta idir na traidisiúin dhifriúla, ó thuaidh is ó dheas, ar an oileán seo. Is é an dóchas mór ná oscailt intinne na n-inimirceach agus an tsuim a léiríonn a lán acu sa Ghaeilge, fiú i dteannta shoiniciúlacht agus fhuarchúis na ndúchasach. Tá an-suim ag daoine nua-thagtha inár measc sa dinimic áite, agus fonn orthu dílseacht a léiriú di. Ach de réir tuairiscí, feiceann a lán inimirceach nach bhfuil tuiscint láidir ag na Gaeil ar a gcultúr féin: nach eol don fhormhór acu cé hiad ná cad ar a shon a sheasann siad.13 Baintear geit go minic as inimircigh, iad féin chomh bródúil as a dteanga dhúchais, nuair a fheiceann siad an gaol ciotach atá againne lenár dteanga, an diúltacht a léirítear go minic ina leith, chomh 'neamhúsáideach' is atá an Ghaeilge, mar a deir roinnt mhaith leo.14

Bíonn meas ag daoine atá fréamhaithe ina gcultúr féin ar an éagsúlacht a bhaineann le daoine as cultúir eile a gcaitheann siad comhoibriú leo. Foghlaimíonn siad conas difríochtaí a aithint. Gineann seo níos mó measa ar a saintréithe féin, agus aigne oscailte acu i leith tionchair sheachtracha. Is féidir leo smaointe difriúla a shú chucu, agus gan a bheith faoi smacht ag tionchar an chultúir dhomhanda. Is trína bheith fréamhaithe i gcultúr agus i dtraidisiún, agus sa mhórtas cine is ceantair, a chruthófar an deis is fearr chun sochaí rathúil iomaíoch a bhaint amach in Éirinn. Is láidre i bhfad a bheimid ó thaobh iomaíochta de, i ngeilleagar dhomhan na nua-aoise, tír shainiúil a bheith againn, tír atá féintuilleamaíoch agus ar ardchaighdeáin, ach atá iltíreach chomh maith.

Críoch

Tá an bhéim a chuir mé ar charachtar agus athshealbhú cultúrtha níos tábhachtaí inniu ná riamh leis an gcruth ina bhfuil geilleagar agus sochaí na tíre ach go háirithe. Caithfidh tír bheag mar Éire eitic scothsheirbhíse a lonnú i gcroílár a cuid polasaithe táirgiúlachta, nuálaíochta agus iomaíochta. Chiallódh san go gcruthófaí forbairt atá fréamhaithe sa dúchas agus inbhuanaitheach, náisiún iomaíoch go hidirnáisiúnta ach sainiúil go smior.

Ach faraor, le tréithe iarchoilíneachais fós i réim, tá teachtaireacht spreagúil an ama sin caillte sa lá inniu ag formhór de lucht ceannais polaitíochta agus institiúidí oideachais na tíre. Dá mbeadh aigne oscailte acu, tá ceachtanna fíor-luachmhara le foghlaim fós faoi bhrí fhéinmhuiníneach chultúrtha ar chumas na n-ealaíon i bhforbairt gheilleagrach na hÉireann.

Laistigh de 90 bliain, tá Éire tar éis bogadh ó thaobh amháin go taobh

13 Mac Cormaic, R. (2007) 'We need vision of who we are and what we want to make migration work', Irish Times, 27 Meitheamh.

14 Waters, J. (2006) 'New Irish may save language', *Irish Times,* 26 Meitheamh.

eile: ó chultúr agus féiniúlacht i gceartlár na físe náisiúnta go dtí a mhalairt ina bhfuil eolaíocht, réasúntacht agus margaí idirnáisiúnta in uachtar. Ach braitheann todhchaí forbartha na tíre ar úsáid a bhaint as tréithe dearfacha den dá thaobh ionas go mbeimid iomaíoch ó thaobh geilleagair de agus é sin comhcheangailte le timpeallacht inbhuanaithe agus cothromas sóisialta.

B'fhéidir, de bharr na glúine a tháinig i réim sna sé chontae is fiche i ndiaidh 1922, go gceaptar go bhfuil coinbhliocht idir mothúcháin láidre féiniúlachta agus nuálaíocht agus nua-aoiseachas, ach níl sin amhlaidh. Cé go bhfuil an argóint seo ar son nuálaíochta agus nua-aoiseachais i bhfad ó thuairimí Éamon de Valera agus a bheartas féindóthaine, tá sí ag teacht mar dhearcadh lena thuairimí maidir le fiúntas ár n-acmhainní dúchasacha. Léirigh Michael Collins tuairim láidir ar an dul sin leis na focail seo:

> *The biggest task will be the restoration of the language. How can we express our most subtle thoughts and finest feelings in a foreign tongue? Irish will scarcely be our language in this generation, or even perhaps in the next. But until we have it again on our tongues and in our minds we are not free ...*[15]

Ní déantán marbh frith-nua-aimseartha agus frith-gheilleagrach é acmhainn chultúrtha mar theanga, ach foinse dhinimiciúil agus uathúil. Ná ní dearcadh cumhach ná saonta é a rá go mbraitheann todhchaí iomaíochta idirnáisiúnta na hÉireann ar a bheith difriúil agus uathúil. Cé gurbh é Seán Lemass an duine a bhí freagrach as Éire a oscailt don trádáil idirnáisiúnta, thuig sé go maith an tábhacht a bhaineann le sainiúlacht. Chreid sé gurbh iad na tréithe dúchasacha a spreagann pobal chun saothrú ar son dul chun cinn a dtíre, gné dá shaothar nach ndéanann lucht a pháirtí, nó go deimhin páirtithe eile a bhí bunaithe ar an bprionsabal céanna, mórán tagartha di anois.

Tá clú na tíre seo mar áit ina bhfuil cultúr uathúil saibhir ag dul ar gcúl de réir a chéile. I ndeireadh na dála, tá sé i bhfad níos éifeachtaí sochaí nuálaíoch a bhaint amach trí dhíriú ar phobail shláintiúla a chothú. Sa todhchaí, is iad na tíortha a chuireann béim ar chaipiteal cultúrtha agus sóisialta a chothóidh na fiontraithe is cruthaithí chun cur go mór le caighdeán maireachtála na tíre. Cinnte, spreagfadh a leithéid togra náisiúnta le fís bunaithe ar oidhreacht, teanga agus inbhuanaitheacht daoine ó chultúir dhifriúla.

Agus geilleagar na hÉireann athraithe ó bhun go barr, tá sé soiléir go soláthraíonn ár n-oidhreacht chultúrtha, saintréithe na hÉireann, an buntáiste iomaíoch is mó atá againn. Is acmhainní uathúla iad traidisiún,

15Collins, M. (1996) *The Path to Freedom: Articles and Speeches by Michael Collins. Corcaigh*: Mercier Press, lch 71.

teanga, mórtas cine is ceantair agus féiniúlacht; gnéithe iad dá n-úsáidfí i gceart iad, a thiomáinfeadh ár mbuntáiste iomaíoch. Is trua nach mbaintear i bhfad níos mó feidhme as na saintréithe seo ó thaobh polasaithe nuálaíochta de. Dá ndéanfaí amhlaidh, thiomáinfeadh san núalaíocht, foghlaim agus todhchaí shochaí na tíre.

Foinsí

Borish, S.M. (1991) *The Land of the Living: The Danish Folk High Schools and Denmark's Non-Violent Path to Modernization.* Nevada City, CA: Blue Dolphin.

Breathnach, A. & Aylward, A. (1983) *Education, Innovation and Entrepreneurship: Lessons to be Drawn from Denmark and Norway.* Baile Átha Cliath: EIE Pilot Research Programme Contract 1983/33/5.

Castells, M. & Himanen, P. (2002) *The Information Society and the Welfare State: The Finnish Model.* Oxford: Oxford University Press.

Collins, M. (1996) *The Path to Freedom: Articles and Speeches by Michael Collins.* Corcaigh: Mercier Press.

Mac Cormaic, R. (2007) 'We need vision of who we are and what we want to make migration work', *Irish Times,* 27 Meitheamh.

Marcus, L. (1981) 'Seán Ó Riada' in O'Driscoll, R. [eag.] *The Celtic Consciousness.* Baile Átha Cliath: Dolmen, 341-347.

Mathews, P.J. (2003) *Revival: The Abbey Theatre, Sinn Féin, The Gaelic League and the Co-operative Movement.* Notre Dame, IN: University of Notre Dame Press.

Murphy, G. (2008) 'French lesson for our arts ministers', *Irish Times,* 27 Meitheamh.

Ó Buachalla, S. [eag.] (1980) *A Significant Irish Educationist: The Educational Writings of P.H. Pearse.* Corcaigh: Mercier Press.

Ó Doibhlin, B. (2004) *An Cultúr Gaelach: Cosaint na Daonnachta,* Paimfléad 5, An Aimsir Óg. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Tuama, S. (1972) 'The Gaelic League Idea in the Future' in Ó Tuama, S. [eag.] *The Gaelic League Idea.* Corcaigh: Mercier Press, 98-109.

OECD (1996) *Territorial Development and Human Capital in the Knowledge Economy: Towards a Policy Framework.* LEED Notebook, Uimhir 23, Páras.

Shrivastava, P. & Kennelly, J. (2010) 'Field of Care: Place, Sustainability and Organizations'. Páipéar Oibre.

Verganti, R. (2003) 'Design as Brokering of Languages: Innovation Strategies in Italian Firms', *Design Management Journal.* Samhradh, 34-42.

Waters, J. (2006) 'New Irish may save language', *Irish Times*, 26 Meitheamh.

DEISCEABAIL AGUS SOISCÉALTA CEANNRÓDAITHE ATHBHEOCHANA AGUS FÓRAM NA HIRISEOIREACHTA

Regina Uí Chollatáin

Is cuid lárnach den iriseoireacht é an scéal ach shamhlófaí an tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh níos fearr le soiscéal diaga ná scéal an iriseora. Ainneoin na cáile atá air mar údar Simple Lessons agus ar obair eile athbheochana, is beag taighde atá déanta ar a ról iriseoireachta mar scéalaí phobal na Gaeilge. Nuair a dhéantar scagadh ar Eoghan Ó Gramhnaigh, mar eagarthóir *Irisleabhar na Gaedhilge*, tuigtear an ról eiseamláireach a ghlac sé mar dheisceabal athbheochana a raibh tionchar nach beag aige ar an ghluaiseacht féin ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar cheannródaithe comhaimseartha, agus orthu siúd a lean é. Ní comhtharlú é mar shampla go ndearna Pádraic Mac Piarais ionannú idir ról an Ghaeil mar dheisceabal, agus naisc á bplé aige idir daonnacht agus diagacht i gcomhthéacs ghluaiseacht na teanga ina aiste 'The Intellectual Future of the Gael' a foilsíodh in 1898:

> 'The Intellectual Future of the Gael' is a subject which must, from its very nature, be of the deepest interest to us … The mission of the Gael, however, will not be confined merely to the propagation of this literature. The Gael is, in the fullest sense of the word, an idealist; he is in fact, the idealist amongst the nations. … He revels in imagination. … Hence painting, sculpture, music, oratory, the drama, learning, all those things which delight and ravish the human soul, which stir up in it mighty, convulsive passions, and strange, indefinable yearnings after the Great Unknown, all those things which seem, as it were, links between humanity and Divinity – these will ever find among the Gael their most ardent and accomplished disciples.[1]

Ba dheacair idirdhealú a dhéanamh idir tionchar de hÍde agus Uí Ghramhnaigh ar shliocht na nGael a ghlac páirt i ngluaiseacht na hAthbheochana agus a ghlac ballraíocht i gConradh na Gaeilge go háirithe. B'fhéidir fiú gur ceann de na teachtaireachtaí ba thábhachtaí ná an meas comónta a léirigh an triúr seo ar ilghnéitheacht chreidimh agus rólanna saoil, agus ba chineál creidimh ann féin í gluaiseacht na teanga don triúr acu. Ní dócha go gcuirfí na fiseanna agus an claochlú meoin agus teanga i gcrích, áfach, gan fóram na hiriseoireachta, uirlis chumarsáide agus teanga a bhfuil

1 Féach Pearse, P.H. (1898: 47, 57-8).